Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Feabhra 2026
(OR. en)

6010/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0555 (COD)**

**COMPET 149**
**IND 93**
**MI 99**
**CADREFIN 46**
**FIN 206**
**RECH 46**
**ESPACE 22**
**CONSOM 37**
**DUAL USE 7**
**EDUC 30**
**TELECOM 51**
**ENER 48**
**ENV 92**
**CLIMA 46**
**AGRI 90**
**TRANS 51**
**SAN 64**
**PHARM 10**
**BIOTECH 6**
**POLMIL 64**
**POLGEN 23**
**ECOFIN 153**
**COH 19**
**INDEF 50**
**CULT 15**
**CYBER 46**
**JAI 156**
**DIGIT 31**
**DATAPROTECT 33**
**FREMP 36**
**RELEX 150**
**COPS 78**
**UD 22**
**AUDIO 16**
**PROCIV 17**
**IPCR 10**
**MAP 49**
**FISC 64**
**CODEC 164**
**IA 23**
**CSC 91**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás) an 26 Feabhra 2026*<br>Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas a bhunú: uirlis athléimneachta straitéisí do FBManna agus do shlabhraí luacha Eorpacha<br>– *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta cúlra ón Uachtaránacht maidir leis an ‘Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas a bhunú: uirlis athléimneachta straitéisí do FBManna agus do shlabhraí luacha Eorpacha’ mar ullmhúchán don díospóireacht bheartais a bheidh ar siúl ag an gComhairle Iomaíochais an 26 Feabhra 2026.

**An Ciste Eorpach um Iomaíochas: uirlis athléimneachta straitéisí do FBManna agus do shlabhraí luacha Eorpacha**

Tá slabhraí luacha Eorpacha in earnálacha criticiúla, mar shampla an Teicneolaíocht Ghlan, an Bhith-theicneolaíocht agus Ardábhair fós ilroinnte agus faoi réir spleáchas, rud a chuireann teorainn le cumas an Aontais a athléimneacht a mhéadú agus a bheith iomaíoch ar scála domhanda. Tá méadú ag teacht ar spleáchas an Aontais ar sholáthróirí tríú tír maidir le comhpháirteanna sonracha, go háirithe maidir leis na hamhábhair agus na hionchuir idirmheánacha is gá don dá aistriú[1]. Thar aon ní eile, tá 'gleann an bháis' os comhair nuálaíocht na hEorpa – cé go bhfuil an tAontas ar fheabhas maidir le gnólachtaí nuathionscanta a ghiniúint, tá aill mhaoiniúcháin os comhair na gcuideachtaí sin agus iad ag iarraidh bogadh ón bhfréamhshamhail go táirgeadh agus fás. Tá an bhearna uas-scálaithe sin fós gan líonadh ag caipiteal fiontair príobháideach Eorpach, rud a chuireann iallach ar nuálaithe ardacmhainneachta díol le hiomaitheoirí eachtracha, athlonnú nó éirí marbhánta, ionas go n-aistrítear acmhainneacht thionsclaíoch an Aontais chuig tríú tíortha[2]. Ní hamháin go meastar gur ualach suntasach é sin ar tháirgiúlacht an Aontais i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe, ach, thar aon ní eile, cuireann sé teorainn freisin le cumas na n-earnálacha straitéiseacha brath ar bhonn soláthróirí éagsúlaithe Eorpach agus slabhraí luacha athléimneacha agus éiceachórais iomaíocha a fhorbairt.

[1] An Coimisiún Eorpach. (2024). Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024 (COM(2024) 77 final), lgh. 14-16 (ina ndearbhaítear spleáchais straitéiseacha leanúnacha in éiceachórais íogaire); An Coimisiún Eorpach. (2024). Todhchaí iomaíochas na hEorpa – Cuid A (Tuarascáil ó Mario Draghi), lgh. 42-45 (Maidir leis an spleáchas méadaitheach ar sholáthróirí neamh-AE le haghaidh teicneolaíochtaí criticiúla).

[2] An Coimisiún Eorpach. (2024). Todhchaí iomaíochas na hEorpa – Cuid B (Tuarascáil ó Mario Draghi), Roinn 2 'An Bhearna Nuálaíochta a Dhúnadh', lgh. 58-60.

Ní hamháin gur leithdháileadh buiséadach nua é an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), ach is luamhán beartais straitéiseach é freisin. Tá CEI ceaptha chun cur i gcoinne ilroinnt thimpeallacht airgeadais an Mhargaidh Aonair. Mar fhreagairt dhíreach ar an 'aill infheistíochta' a sainaithníodh i dtuarascálacha Draghi agus Letta, tá sé beartaithe ag CEI ionstraimí airgeadais a chomhdhlúthú in aon ardán cur chun feidhme comhleanúnach amháin[3]. Is é an príomhchuspóir ó thaobh na tionsclaíochta de 'aistear infheistíochta rianúil' a bhunú do chuideachtaí Eorpacha, lena n-áirítear trí mheascán de thacaíocht deontasbhunaithe agus d'ionstraimí dí-rioscaithe atá saincheaptha do chéimeanna éagsúla d'fhás cuideachtaí. Trí rialacha a chomhchuibhiú agus acmhainní a lárú, tá sé d'aidhm ag CEI a chur ar a gcumas do FBManna ardacmhainneachta nó criticiúla aistriú go díreach ó thaighde réamhthráchtála go dtí céim an mhéadaithe thionsclaíoch gan gá le hiarratas a dhéanamh athuair faoi chórais rialála a thagann salach ar a chéile[4]. Dá bhrí sin, le gach ionú beartais CEI tacófar le gníomhaíochtaí tiomnaithe FBManna chun rannpháirtíocht leathan FBManna sa chlár a mhéadú. Thairis sin, beidh bosca uirlisí iomlán bhuiséad an Aontais ar fáil do CEI chun infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha breise a scaoileadh ar feadh an aistir infheistíochta ar fad.

Cé gur éirigh leis an Aontas a spleáchais straitéiseacha a mhapáil, tá gné chriticiúil fós gan réiteach dár slabhraí luacha. Ní bhaintear athléimneacht amach trí amhábhair a chinntiú nó trí thacú leis an gcóimeáil deiridh (i.e. gigeamhonarchana) amháin; ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar an 'missing middle', mar a thugtar air, sa slabhra soláthair trí éiceachóras láidir de mhonaróirí comhpháirteanna, soláthróirí, nuálaithe agus soláthraithe teicneolaíochta a chothú, róil a chomhlíonann FBManna den chuid is mó[5]. Cuirfidh CEI cruthú, comhar agus leathnú na nuálaíochta, an mhaoinithe phríobháidigh agus na n-éiceachóras tionsclaíoch chun cinn. Tá sé d'aidhm le cuid de ghníomhaíochtaí CEI, mar shampla gníomhaíochtaí earnáilsonracha FBManna, ceannródaithe teicneolaíochta an Aontais agus tógálaí na slabhraí luacha, aghaidh a thabhairt ar an ngné sin.

---

[3] An Coimisiún Eorpach. (2024). *Political Guidelines for the Next European Commission 2024-2029* [Treoirlínte Polaitiúla don Chéad Choimisiún Eorpach Eile 2024-2029], lgh. 10-11 (ina moltar CEI mar chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan chun acmhainneacht infheistíochta i dteicneolaíochtaí straitéiseacha a áirithiú); Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa. (2025). An Ciste Eorpach um Iomaíochas: Forbhreathnú, lch. 2 (maidir le comhdhlúthú ionstraimí atá ann cheana).

[4] An Coimisiún Eorpach. (2024). Todhchaí iomaíochas na hEorpa – Cuid B (Tuarascáil ó Mario Draghi), Roinn 5, lgh. 280-285 (maidir leis an ngá atá le cistiú ón tsaotharlann go dtí an mhonarcha a chuíchóiriú agus scrogaill rialála a sheachaint).

[5] An Coimisiún Eorpach. (2021). Doiciméad Inmheánach Oibre: *Strategic dependencies and capacities* [Spleáchais agus acmhainneachtaí straitéiseacha] (SWD(2021) 352 final), lgh. 14-16 (ina gcuirtear i bhfios gur minic a eascraíonn spleáchais as deighleoga sonracha den slabhra soláthair arb iad FBManna eachtracha is mó a bhíonn i gceannas orthu).

Braitheann an athléimneacht ar an éiceachóras tionsclaíoch ina iomláine, ní hamháin ar churaidh aonair. Dá bhrí sin, is féidir le nuálaithe beaga agus meánmhéide a bheith, agus ní mór dóibh a bheith, ina gcuid lárnach den slabhra luacha. Cuireann siad réitigh nideoige ar fáil ag príomhnóid an tslabhra luacha, tá siad solúbtha i ngéarchéimeanna, is nuálaithe ríthábhachtacha iad, agus is féidir leo rannchuidiú le héagsúlú trí réitigh mhalartacha a thabhairt maidir le hallmhairí[6]. Ina theannta sin, in earnálacha inarb é láimhdeachas tapa teicneolaíoch an phríomhthréith, is gné ríthábhachtach é an luas chun bheith iomaíoch. Ní mór ról cinntitheach a bheith ag CEI ionas gur ann don lúfaireacht agus don luas a theastaíonn ó chuideachtaí ardfháis, ionas go n-áiritheofar nach leanfaidh an tAontas dá shócmhainní is nuálaí a chailleadh d'iomaitheoirí tríú tír a thairgeann rochtain níos tapúla agus níos simplí ar chaipiteal.

Iarrtar ar na toscaireachtaí a dtuairimí a thabhairt maidir leis na treoircheisteanna seo a leanas:

- Conas is féidir linn a áirithiú go ndéanfaidh tionscadail infheistíochta ar mórscála FBManna Eorpacha a chomhtháthú go héifeachtach ina slabhraí soláthair, ionas go n-áiritheofar go mbeidh ár n-éiceachóras tionsclaíoch fós láidir?

- Conas is féidir le CEI a áirithiú go ndéanfar caipiteal príobháideach a phlódú isteach go héifeachtach le hionstraimí dí-rioscaithe, leis an lúfaireacht chéanna atá ag iomaitheoirí tríú tír agus gan spleáchas fadtéarmach ar fhóirdheontais phoiblí, chun an 'aistear infheistíochta rianúil' is gá a sholáthar do FBManna chun teacht slán as 'gleann an bháis'?

---

6 JRC, 2023. *Semiconductors in the EU* [Leathsheoltóirí san Aontas], páipéar achomair maidir le gníomhaíochtaí an tSainghrúpa Eorpaigh um Leathsheoltóirí (maidir leis an gcaoi ar féidir le bearta beartais spriocdhírithe iomaíochas an Aontais in earnáil na leathsheoltóirí a neartú, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt do FBManna, do ghníomhaithe nideoige agus do línte píolótacha, trí rochtain níos fearr ar bhonneagar monaraíochta, agus trí chomhtháthú níos láidre ar fud na slabhraí luacha)